

## Uimhriú agus comhaireamh

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

	<b>a</b> An foghlaimeoir	<b>b</b> An foghlaimeoir	<b>c</b> An foghlaimeoir	<b>d</b> An foghlaimeoir	<b>e</b> An foghlaimeoir	<b>f</b> An foghlaimeoir	<b>g</b> An foghlaimeoir
<b>Gnéithe</b>	<b>Uimhriú agus comhaireamh</b>						
<b>Tuiscint agus Ceangal</b>	<p>Glacann sé páirt i ngníomhaíochtaí comhairimh.</p> <p>Fiosraíonn sé deiseanna chun comhaireamh, tomas, ríomh nó rudaí a chur in iúl agus tobmheas a dhéanamh tríd an ngarthimpeallacht.</p>	<p>Fiosraíonn sé an tslí a n-úsáidtear uimhreacha chun comhaireamh agus go léiríonn an uimhir dheireanach sa chomhaireamh an líon réad i dtacar.</p> <p>Aithníonn sé uimhreacha, faoi bhun 10 ar dtús.</p> <p>Déanann sé aithris ar uimhreacha suas chuig 10.</p> <p>Glacann sé páirt i gcomhaireamh fíor-réada ina thimpeallacht.</p>	<p>Ceanglaíonn sé uimhreacha le réada a chomhair sé.</p> <p>Fiosraíonn sé an tslí nach mbíonn aon tionchar ag leagan amach ná ag méid na ngnéithe atá ar thacar ar an iomlán [neamhathraitheacht uimhris].</p> <p>Sainaitníonn sé tacar folamh agus náid uimhriúil.</p> <p>Léiríonn sé tuiscint ar chúig bhunphrionsabal an chomhairimh a bhfuil forbairt ag teacht uirthi [is iad cúig bhunphrionsabal an chomhairimh: aon-aon, ord socair, bunuimhir, ábharthacht oird agus teibiú].</p>	<p>Forbraíonn sé tuiscint ar neamhathraitheacht an uimhris (11-20).</p> <p>Comhaireann sé, leis féin agus mar chuid de ghrúpa chun tosaigh agus siar laistigh de 20 ag tosú ag aon uimhir a thugtar agus úsáid á baint as tacaíochtaí ó bhéal, coinchréiteacha agus pictiúrtha.</p>	<p>Comhaireann sé chuig 100 ar a laghad agus é ag comhaireamh go héasca sna deiceanna tríd síos.</p> <p>Comhaireann sé iolraithe de 2, 5 agus 10 ó iolrach tugtha agus úsáid á baint aige as tacaíochtaí ó bhéal, coinchréiteacha agus pictiúrtha.</p> <p>Comhaireann sé chun tosaigh agus siar i ndeiceanna ó aon uimhir a thugtar agus úsáid á baint aige as tacaíochtaí ó bhéal, coinchréiteacha agus pictiúrtha.</p> <p>Fiosraíonn sé raon cur chuige chun tacú le straitéisí ríomha (mar shampla: dúbailtí, neasdúbailtí, suimigh ceann).</p>	<p>Comhaireann sé meascáin d'iomláin agus de chodanna (Mar shampla: 3 aonad iomlána agus 4 leath = 5).</p> <p>Comhaireann sé le páirteanna codánacha chun tosaigh agus ar chúl (Mar shampla: i leatha idir 0 go dtí 10).</p> <p>Léiríonn sé cumas comhaireamh chun tosaigh agus siar i 100ta.</p>	<p>Fiosraíonn sé agus comhaireann sé chun tosaigh agus ar chúl slánuimhreacha, ar fud deiceanna agus céadta, go dtí 1000 agus níos faide (Mar shampla: 698, 699, 700, 701).</p> <p>Baineann sé úsáid as scaradh (scaradh, deighilt go dtí céadta, deiceanna agus aonaid), ag léim nó ag comhaireamh chun tosaigh nó ar chúl i ndeiceanna nó i gcéadta agus straitéisí eile chun tabhairt faoi ríomhanna a bhaineann le huimhreacha móra.</p>
<b>Cumarsáid</b>	<p>Freagraíonn sé de rímeanna, amhráin, ceoilíní agus scéalta le huimhreacha.</p>	<p>Comhaireann sé réada nó daoine trí theagmháil a dhéanamh leo, trí phointeáil nó trí ghuthú ó 1.</p> <p>Baineann sé úsáid as uimhreas agus cainníocht chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile (Mar shampla: Tá níos mó cártaí agat ná mar atá agamsa).</p> <p>Léiríonn sé feasacht ar, agus baineann sé úsáid as uimhreacha i gcomhthéacsanna a bhfuil brí phearsanta leo.</p>	<p>Pléann sé na huimhreacha 1-10, tarraingíonn sé agus scríobhann sé léirithe dóibh trí úsáid a bhaint as láimhseoga.</p> <p>Coimeádann sé cuntas ar ghnímh chomhairimh trí úsáid a bhaint as pátrúin uimhriúla ar nós cnagadh nó méara.</p> <p>Cruthaíonn sé uimhreacha go cruthaitheach.</p>	<p>Pléann sé uimhreacha suas chuig 20 ar a laghad, tarraingíonn sé agus scríobhann sé léirithe dóibh.</p> <p>Freagraíonn sé do cheisteanna trí chomhaireamh ina intinn 1, 2, 3 níos mó ná/níos lú ná uimhir a thugtar dó.</p> <p>Míníonn sé straitéisí difriúla a úsáidtear chun eagair a chomhairimh [rudaí eagraithe i línte agus i gcolúin].</p>	<p>Míníonn sé agus cosnaíonn sé roghanna straitéisí comhairimh agus ríomha a úsáideadh agus cuireann sé iad i gcomparáid le roghanna daoine eile.</p>	<p>Léiríonn sé uimhreacha suas chuig 100 ar a laghad agus úsáid á baint as samhla, léirithe agus sloinn uimhris dhifriúla.</p> <p>Déanann sé cur síos ar straitéisí meabhracha a úsáideadh chun comhaireamh nó ríomh a dhéanamh.</p>	<p>Léiríonn sé tuiscint ar uimhreacha suas chuig 1000 ar a laghad agus úsáid á baint as samhla nó léirithe difriúla.</p> <p>Déanann sé taifead ar fhreagraí agus molann sé cuir chuige straitéiseacha maidir le ríomhanna (Mar shampla: ag tosú leis an uimhir atá níos airde i ríomh amhail 23 + 75; ag cúiteamh i ríomh amhail 200 – 37 ina ndealaítear 37 ó 199 agus suimigh 1).</p>

	a An foghlaimoír	b An foghlaimoír	c An foghlaimoír	d An foghlaimoír	e An foghlaimoír	f An foghlaimoír	g An foghlaimoír
<b>Gnéithe</b>	<b>Uimhriú agus comhaireamh</b>						
<b>Réasúnaíocht</b>	<p>Téann sé i ngleic le coincheap náid, neamhní, folamh, agus gach rud imithe.</p>	<p>Cinneann sé go seasann náid, mar uimhir, le haghaidh dada/neamhní i dtéarmaí cainníochta.</p> <p>Sainiúnaíonn sé tacar folamh.</p> <p>Déanann sé tobmheas agus comhaireann sé líon de réada suas chuig 5 ar a laghad.</p> <p>Cuireann sé tacair in ord agus déanann sé idirdhealú eatarthu gan chomhaireamh (Mar shampla: tríd an tobmheas).</p>	<p>Cuireann sé tacair in ord gan chomhaireamh, agus seiceálann sé é trí chomhaireamh a dhéanamh.</p> <p>Déanann sé tobmheas agus comhaireann sé líon na réad i dtacar 0-10.</p> <p>Aithníonn sé go bhfuil gach uimhir eile i seicheamh ceann amháin níos mó na an ceann a thagann roimhe agus go bhfuil sé ceann amháin níos lú ná an ceann a thagann ina dhiaidh.</p> <p>Déanann sé meastachán agus comhaireann sé líon na réad i dtacar, suas chuig 10.</p>	<p>Déanann sé meastachán ar líon na réad i dtacar 0 - 20 agus seiceálann sé é trí chomhaireamh a dhéanamh.</p> <p>Déanann sé tobmheas ar 'cé mhéad' in eagair rialta agus neamhrialta éagsúla (Mar shampla: patrúin poncanna, eagair, frámaí agus díslí) gan gá dó iad a chomhaireamh.</p> <p>Tuigeann sé an uimhir a thagann díreach roimh nó i ndiaidh ceann eile gan gá dó comhaireamh óna haon.</p>	<p>Baineann sé úsáid as eolas ar ghrúpaí fíricí simplí [dúbailtí, naisc 5 agus 10, suimiú 10] chun forbairt níos mó a dhéanamh ar straitéisí ríomha (Mar shampla: gar do dhúbailt, nascadh trí 5 agus 10, suimigh 1, suimigh 0, agus cúiteamh).</p> <p>Seiceálann sé réasúnacht ríomhanna trí chomparáid a dhéanamh idir an réiteach deiridh agus an meastachán.</p>	<p>Baineann sé úsáid as straitéisí meabhreacha chun meastachán a dhéanamh agus chun cainníochtaí a chomhaireamh laistigh de 100 ar a laghad.</p>	<p>Míníonn agus samhaltáíonn sé an caidreamh páirt/iomlán i gcomhaireamh (Mar shampla: 1, 1½, 2, 2½).</p> <p>Míníonn sé agus cosnaíonn sé straitéisí foirmiúla agus neamhfoirmiúla, a úsáidtear chun ríomh a dhéanamh le huimhreacha móra.</p> <p>Déanann sé meastachán ar chainníochtaí, ar shuimeanna agus ar dhifríochtaí idir tacair.</p>
<b>Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna</b>	<p>Téann sé i ngleic le raon láimhseog agus fiosraíonn sé conas a bhaineann cainníochtú lena shaol pearsanta.</p>	<p>Fiosraíonn sé ról na cainníochtaíthe i gcásanna san fhíorshaol.</p> <p>Fiosraíonn sé conas gur féidir comhaireamh a úsáid chun fadhbanna a bhaineann leis an ngnáthshaol a réiteach.</p> <p>Tugann sé faoi thascanna a bhfuil baint ag an gcomhaireamh leo i réimsí foghlama eile.</p>	<p>Tosaíonn sé ag baint úsáid as conairí uimhreacha simplí agus/nó línte le haghaidh gach rud a chomhaireamh, le haghaidh comhaireamh chun cinn agus le haghaidh comhaireamh siar, de réir mar is cuí.</p> <p>Roghnaíonn sé agus baineann sé úsáid as ábhair oiriúnacha chun réimse leathan tacar a dhéanamh le haghaidh uimhir a thugtar.</p>	<p>Roghnaíonn sé agus baineann sé úsáid as ábhair chun tacair a dhéanamh le haghaidh uimhir a thugtar suas chuig 20 agus thairis.</p> <p>Baineann sé úsáid as straitéisí comhairimh chun cainníochtaí a chinneadh agus cosnaíonn sé a n-éifeachtúlacht.</p>	<p>Roghnaíonn sé agus baineann sé úsáid as raon straitéisí meabhreacha chun fadhbanna a réiteach (Mar shampla: na huimhreacha a athrú san fhadhb nó athfhríotal a chur ar an bhfadhb).</p> <p>Baineann sé úsáid as comhaireamh léimneach chun patrúin uimhreacha a shíneadh.</p>	<p>Fiosraíonn sé réimse straitéisí comhairimh agus meastacháin chun tacú le ríomh.</p> <p>Baineann sé úsáid as línte, as tagaruimhreacha [5, 10, 100], agus as patrúin chun comhaireamh chun cinn agus siar.</p> <p>Baineann sé úsáid as fíricí uimhris agus airí agus as eolas faoi straitéisí meabhreacha chun fadhbanna a réiteach.</p>	<p>Roghnaíonn sé modh oiriúnach le haghaidh fadhbanna a réiteach, mar shampla meastachán meabhreach agus straitéisí meabhreacha nó scríofa (Mar shampla: samhail a tharraingt, tomhais agus seiceáil, straitéis uimhríochta, straitéis ailgéabrach).</p> <p>Déanann sé anailís agus meastachán ar fhreagraí agus cosnaíonn sé iad chun fadhbanna a bhaineann le meastachán agus/nó ríomh a fhreagairt.</p>